# Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Peil den scoth ag Corn Ghlór na nGael 2015

Reachtáladh Comórtas Peile Ghlór na nGael 2015 an tseachtain seo caite i bPáirc Uí Bhriain, Éire Óg, Ceatharlach. Eagraithe gach bliain ag Glór Cheatharlach ó 1996 anuas, bíonn an comórtas bliantúil seo teoranta do dhaltaí i rang a cúig nó faoi. Bhí 12 foireann páirteach sa chomórtas, ag teacht ó ocht scoil áitiúil. Imríodh Comórtas na gCailíní ar an gCéadaoin agus Comórtas na mBuachaillí ar an Déardaoin. Bhí na cluichí uilig faoi stiúir na réiteoirí John Kearns, Brendan Hayden agus Pat Kehoe.

I dtosach, bhí Comórtas na gCailiní ar an gCéadaoin agus eagraíodh é i bhfoirm blitz. Bhí dhá ghrúpa ann, le dhá fhoireann ag Gaelscoil Cheatharlach ( 'ór' agus 'glas') agus S.N. Baile Haicéad ag imirt i nGrúpa A. Tháinig foirne ó S.N. Binn an Choire, Scoil Naomh Fiacc agus Scoil Mhuire Gan Smál do Ghrúpa B. Idir an dá ghrúpa, bhí caighdeán an-ard le feiceáil i rith an lae. Le Grúpa A buaite ag Gaelscoil Cheatharlach 'Ór' agus Grúpa B buaite ag Scoil Naomh Fiacc, tháinig an dá fhoireann sin le chéile i gCraobh Chomórtas Peile Ghlór na nGael 2015. Tar éis cluiche géar, bhuaigh Scoil Naomh Fiacc an corn. I measc na réalta don fhoireann ó Ghráig Uí Chuilinn bhí Grace Ní Chuilinn, Jasmine Ní Chinseallach, Ellen Nic Réamonn agus Kelly Ní Néill. D'imir Kayleigh Ní Sheanáin, Róise Ní Nualláin-Ní Liatháin agus Caríosa Ní Mhuirneacháin go han-mhaith do Ghaelscoil Cheatharlach. Chomh maith leo siúd, bhí an-iarracht déanta ag Áine Ní Loingsigh, Ailbhe Nic Uidhir, Leah Furlong agus Megan Nic an Rí ó S.N. Baile Haicéad i rith an chomórtais. Bhí imreoirí den chéad scoth ag S.N. Binn an Choire le Lilly Ní Néill, Maeve Ní Néill, Ria Ní Mhulláin, Chloe de Rís agus Sarah Ní Dhúill ag drithliú. Bhí Sarah Onafuye, Aoife Ní Bhroin, Nikita Roycroft agus Hannah Ní Dhonnchaidh go hiontach do Scoil Mhuire Gan Smál.




**Bhí áthas ar bhuachaillí Scoil Bhríd Mhuinebheag Corn Ghlór na nGael a bhuachaint**

Imríodh Comórtas na mBuachaillí an lá dár gcionn le sé fhoireann páirteach ann. Bhí dhá roinn éagsúil i gceist leis an gcomórtas seo: Corn Ghlór na nGael do scoileanna lán-buachaillí; agus Sciath Ghlór na nGael do scoileanna meascaithe. Bhí Scoil na mBuachaillí Easca, Scoil an Easpaig Uí Fhoghlú agus S.N. Naomh Bhríd ó Mhuinbheag ag troid don Chorn. Bhí peil den scoth le feiscint ó chuile scoil. In ainneoin sár-iarrachtaí ó Scoil an Easpaig Uí Fhoghlú agus Scoil na mBuachaillí Easca – le cúl dochreidte do bhuachaillí Easca ó Booni Milinganyo san áireamh! – bhí S.N. Naomh Bríd ina mbuaiteoirí, le Scoil an Easpaig Uí Fhoghlú sa dara háit. Le himirt iontach ó Sheán de Bhál sa chúl, agus Conchobhar Carrún, Oisín Ó Diollún, Adam Breathnach, Eoin Ó hIcí, Ciarán Ó hAinifín agus Séamas Ó Fearaíl ar an bpáirc, ní raibh aon amhras go raibh Corn Ghlór na nGael 2015 tuillte go mór ag an bhfoireann ó Mhuinebheag.

Ag imirt do Sciath Ghlór na nGael, bhí foirne ó Scoil Naomh Fiacc, Gaelscoil Cheatharlach agus S.N. Binn an Choire. Le sár-chaighdeán peile ar siúl, bhí an-ádh ar an lucht leanúna. Tar éis bua láidir thar Ghaelscoil Cheatharlach, d'imir S.N. Binn an Choire i gcoinne Scoil Naomh Fiacc i gceann de na cluichí ab fhearr den chomórtas. Le cuilín amháin sa bhreis, bhuaigh S.N. Binn an Choire Sciath Ghlór na nGael 2015, le Scoil Naomh Fiacc sa dara háit. Bhí Faolán Ó Ceallaigh, Adam Ó Cearra agus Evan Mac Guaire ar fheabhas don Ghaelscoil. I measc na réalta do Scoil Naomh Fiacc, bhí Jack Ó Broin, Cian Ó Leathlobhair, Conor Ó Ceallaigh and Cillian Ó Raghallaigh. Agus, dár ndóigh, le peil mhealltach ó Dylan Ó Dúill, Rónán Ó Caoinleáin, Gareth Mac Conchoille, Pádraig Ó Ceallaigh, agus Seán Mac Conchoille, bhí an Sciath buaite go deimhin ag S.N. Binn an Choire.

Rinne Glór Cheatharlach comhghháirdeas leis na peileadóirí uile agus gabhadh buíochas leis na réiteoirí, chomh maith leis na múinteoirí agus na tuismitheoirí a bhí gnóthach ar na taobhlínte. Maith sibh uilig!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| eagraithe | organised |
| scoth | premium |
| bliantúil | annual |
| comórtas | competition |
| peil | football |
| foireann | team |
| réiteoirí | referees |
| géar | sharp |
| meascaithe | mixed |
| réalta | stars |
| taobhlíne | sideline |



**Lámha suas don Choláiste Samhraidh i gCeatharlach**



**Cailíní na Breataine Bige ag bronnadh bláthannna ag an bhFéile Pan Cheilteach**

## Fáilte chuig fógairt Pan Cheilteach

Tugtar cuireadh do chách chuig an ócáid chun Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2016 a fhógairt. Déanfar an fhéile a fhógairt amárach, Dé Céadaoin, 17ú Meitheamh ag 7.00i. ag cruinniú poiblí in Áras Chontae Cheatharlach, Bóthar Átha Í. Beidh baill de choiste náisiúnta Pan Cheilteach i láthair chun Cairt na Féile a bhronnadh ar bhaile Cheatharlach. Reachtálfar an fhéile thar cúig lá agus cúig oíche aimsir na Cásca seo chugainn. 'Siad na dátaí ná 29 Márta go 3 Aibreán.

Tá cuireadh oscailte chuig an seoladh agus beidh fáilte roimh chách a bheith páirteach freisin ins na hullmhúcháin i rith na bliana. Beidh Ceatharlach réidh chun céad míle fáilte a fhearadh ar ais roimh na ceiltigh agus féasta siamsaíochta a chur ar fáil dóibh. Bímís ullamh!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| fógairt | announcement |
| ócáid | occasion |
| baill | members |
| cairt | charter |
| féasta | feast |
| siamsaíocht | entertainment |

## Samhradh le Gaeilge

Le teacht an tsamhraidh agus deireadh na scoilbhliana ag druidim linn tá Glór Cheatharlach ag tnúth anois le Clár an tSamhraidh. Is clár lán é agus tá clárú do na himeachtaí uilig faoi lán seoil. Beidh an Coláiste Samhraidh do dhéagóirí ar siúl idir an 29 Meitheamh agus 10 Iúil. Tá costas €200 ar an gcúrsa coicíse agus beidh míle fáilte roimh dhaltaí meánscoile le fonn orthu a gcuid Gaeilge a fheabhsú.

I dteannta sin, beidh dhá champa samhraidh á reáchtáil againn agus tá an-éileamh orthu. Beidh Campa na nÓg do pháistí idir 4-6 bliain ar siúl ar feadh seachtaine ó 13 -17 Iúil agus beidh an Campa Samhraidh do dhaltaí idir 7-10 mbliana ar siúl ar na dátaí céanna. Tá costas €40 ar na Campaí agus ní foláir clárú gan mhoill chun áit a chinntiú. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch ar 087 2857048, 059 9158105 nó eolas@glorcheatharlach.ie

Is cinnte go bhfuil samhradh lán le Gaeilge do dhaoine óga ag teacht go Ceatharlach i mbliana. Bígí páirteach!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| ag druidim | approaching |
| clárú | registration |
| fonn | desire |
| feabhsú | improve |
| éileamh | demand |
| gan mhoill | immediately |

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach**

(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie
www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!